Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026
(OR. en)

10701/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0261(COD)**

CODEC 1220
POLCOM 222
COMER 108
USA 26
COTRA 54
AGRI 511
PECHE 249

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir leis an sásra coimirce faoi Rialachán (AE) 2026/... maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé do Pharlaimint na hEorpa súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann leis an sásra coimirce lena gceadaítear fabhair arna ndeonú do na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí. Chuige sin, má mholann Parlaimint na hEorpa don Choimisiún imscrúdú coimirce a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún measúnú cúramach i dtaobh an bhfuil údar maith le himscrúdú a thionscnamh ex officio de bharr na n-imthosca agus cuirfidh sé toradh a mheasúnaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le gníomhartha cur chun feidhme faoi Rialachán (AE) 2026/... maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta agus tabharfaidh sé lánaird ar thuairimí Pharlaimint na hEorpa sula molfaidh sé gníomh cur chun feidhme faoin Rialachán seo.